Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**10517/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2005/0173(NLE)**

**ECOFIN 837**
**UEM 328**
**FIN 719**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ghearmáin an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a thíolacadh an 28 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 14 Feabhra 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4] agus an 16 Iúil 2024[5].

(2) An 6 Bealtaine 2025, rinne an Ghearmáin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach go páirteach a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an nGearmáin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ghearmáin isteach de bharr imthosca oibiachtúla, baineann siad le 14 bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10158/21 agus ST 10158/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[3] Féach doiciméad ST 5536/23 ag http://register.consilium.europa.eu.
[4] Féach doiciméad ST 15572/23 ag http://register.consilium.europa.eu.
[5] Féach doiciméid ST 11674/24, ST 11674/24 COR 1 agus ST 11674/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Ghearmáin nach féidir ceithre bheart a bhaint amach go páirteach a thuilleadh de bharr éiginnteacht maidir le forbairt an mhargaidh. Baineann an méid sin le cloch mhíle 4 faoi bheart 1.1.1 (Tionscadail hidrigine faoi chuimsiú IPCEInna), sprioc 10 faoi bheart 1.1.2 (Clár tacaíochta chun an tionsclaíocht a dhícharbónú) agus sprioc 13 faoi bheart 1.1.3 (Treoirscéim le haghaidh conarthaí maidir le gníomhú ar son na haeráide bunaithe ar phrionsabal na gConarthaí Difríochta Carbóin), iad uile faoi chomhchuid 1.1 (Dícharbónú trí úsáid a bhaint as hidrigin in-athnuaite go háirithe), agus sprioc 58 faoi bheart 2.1.3 (Bonneagar agus Seirbhísí Néalta IPCEI den Chéad Ghlúin Eile (IPCEI CIS)) faoi chomhchuid 2.1 (Sonraí mar amhábhar na todhchaí). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go mbainfí cloch mhíle 4 agus sprioc 13 agus d'iarr sí go leasófaí an tuairisc ar bheart 1.1.3. Thairis sin, d'iarr an Ghearmáin go leasófaí sprioc 10 agus go leasófaí agus go laghdófaí sprioc eisíocaíochta 58. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Ghearmáin nach féidir beart amháin a bhaint amach go páirteach a thuilleadh de bharr freagairt theoranta rannpháirtithe margaidh. Baineann an méid sin le sprioc 38 faoi bheart 1.2.6 (Tacaíocht chun tiomáint mhalartach iarnróid a chur chun cinn) faoi chomhchuid 1.2 (Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme sprioc 38 agus go leasófaí an tuairisc ar bheart 1.2.6. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Ghearmáin nach féidir beart amháin a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, de bharr suaitheadh sa slabhra soláthair agus moilleanna ar an bhforbairt. Baineann an méid sin le sprioc 133 faoi bheart 7.1.2 (Clár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair) faoi chomhchuid 7.1 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go leasófaí an tuairisc ar sprioc 133 agus go laghdófaí sprioc 133. Thairis sin, d'iarr an Ghearmáin go leasófaí an tuairisc ar bheart 7.1.2. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Ghearmáin nach féidir beart amháin a bhaint amach go páirteach a thuilleadh de bharr na deacrachtaí gan choinne a bhaineann le druileáil ag foinse gheoiteirmigh. Baineann an méid sin le sprioc 45 faoi bheart 1.3.2 (Saotharlanna beo bardasacha le haghaidh an aistrithe fuinnimh) faoi chomhchuid 1.3 (Athchóiriú agus tógáil atá neamhdhíobhálach don aeráid). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go leasófaí na bearta agus na tuairiscí ar spriocanna. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an Ghearmáin nach féidir dhá bheart a bhaint amach go páirteach a thuilleadh be bharr costais mhéadaithe agus easpa éilimh. Baineann an méid sin le sprioc 23 faoi bheart 1.2.1 (Tacaíocht chun bonneagar luchtaithe a thógáil) faoi chomhchuid 1.2 (Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid) agus sprioc 113A faoi bheart 6.1.2 (Digiteáil an riaracháin – Cur Chun Feidhme an Ghnímh um Rochtain ar Líne) faoi chomhchuid 6.1 (Riarachán Poiblí Nua-Aimseartha). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go laghdófaí sprioc 23 agus raon feidhme bheart 1.2.1. Thairis sin, d'iarr an Ghearmáin go laghdófaí sprioc 113A. Ar deireadh, d'iarr an Ghearmáin go gcuirfí isteach dhá chloch mhíle bhreise 113B agus 113C agus go leasófaí an tuairisc chomhfhreagrach ar bheart 6.1.2. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(9) Mhínigh an Ghearmáin go ndearnadh dhá bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann an méid sin le sprioc 103 faoi bheart 5.1.2 (Clár chun go mbeadh ospidéil slán i bhfad na haimsire) faoi chomhchuid 5.1 (Córas Sláinte atá Athléimneach ó thaobh Paindéime de a neartú) agus cloch mhíle 129 faoi bheart 6.2.3 (Dlús a chur le nósanna imeachta pleanála agus formheasa in earnáil an iompair) faoi chomhchuid 6.2 (Bacainní ar infheistíocht a laghdú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go leasófaí sprioc 103, cloch mhíle 129, agus an tuairisc ar bheart 6.2.3. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Mhínigh an Ghearmáin go ndearnadh ceithre bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin le sprioc 37 faoi bheart 1.2.6 (Tacaíocht chun tiomáint mhalartach iarnróid a chur chun cinn) faoi chomhchuid 1.2 (Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid), sprioc 48B faoi bheart 1.3.3 (Athchóiriú foirgneamh: cistiú cónaidhme le haghaidh foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh) faoi chomhchuid 1.3 (Athchóiriú agus tógáil atá neamhdhíobhálach don aeráid), sprioc 64 faoi bheart 2.2.2 (Clár cónaidhme 'Líonraí oideachais leanúnaigh agus oiliúna leanúnaí a bhunú' [líonraí CET]) faoi chomhchuid 2.2 (Digiteáil an Gheilleagair) agus sprioc 88 faoi bheart 4.1.1 (Clár infheistíochta 'Maoiniú cúraim leanaí' 2020/2021: ciste speisialta 'Fairsingiú Cúram Lae Leanaí') faoi chomhchuid 4.1 (An cuimsiú sóisialta a neartú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go mbainfí sprioc idirmheánach 48A agus go leasófaí an tuairisc ar bheart comhfhreagrach 1.3.3. Thairis sin, d'iarr an Ghearmáin go leasófaí an tuairisc ar spriocanna 37 agus 64. Thairis sin, d'iarr an Ghearmáin go leasófaí sprioc 88 chun an t-ualach riaracháin a laghdú trí raon feidhme bheart 4.1.1 a thabhairt cothrom le dáta ionas nach léireofar ach an chuid bheag den chlár infheistíochta a mhaoinítear tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ní an beart náisiúnta níos leithne. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(11) D'iarr an Ghearmáin go n-úsáidfí na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme birt amháin chun leibhéal cur chun feidhme birt eile a mhéadú. Baineann an méid sin le sprioc 132 faoi bheart 7.1.2 (Clár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair) faoi chomhchuid 7.1 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go méadófaí an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir leis an sprioc sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(12) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an nGearmáin, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(13) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Ghearmáin i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(14) Sainaithníodh cúig earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do dhá sprioc agus trí bheart faoi cheithre chomhchuid. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 28 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ghearmáin. Baineann na hearráidí cléireachais sin le sprioc 30A agus leis an tuairisc ar bheart 1.2.3 (Tacaíocht chun an flít feithiclí príobháideacha a athsholáthar) faoi chomhchuid 1.2 (Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid), sprioc 131 faoi bheart 7.1.2 (Clár tacaíochta le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha saothair éadroim agus tromshaothair) faoi chomhchuid 7.1 (REPowerEU), an tuairisc ar bheart 6.1.1 (Éiceachóras na céannachta Eorpaí) faoi chomhchuid 6.1 (Riarachán Poiblí Nua-Aimseartha) agus na tuairiscí ar chomhchodanna 1.1 (Dícharbónú trí úsáid a bhaint as hidrigin in-athnuaite go háirithe) agus 1.2 (Soghluaisteacht atá neamhdhíobhálach don aeráid). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(15) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 46,3 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(17) Níl tionchar suntasach ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú glas. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ó 49,5 % go 46,3 % i gcomparáid leis an measúnú leasaithe.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 46,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(19) Níl tionchar suntasach ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú digiteach. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú digiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ó 47,5 % go 46,1 % i gcomparáid leis an measúnú leasaithe.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(20) Measann an Coimisiún, leis na leasuithe arna gcur chun cinn ag an nGearmáin, nach ndéantar difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (i), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Measúnú dearfach***

(21) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(22) Is é EUR 31 081 926 119 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil don Ghearmáin, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna suí i gcomhréir le hAirteagal 20(4) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta uasta airgeadais atá ar fáil le haghaidh phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine. EUR 30 324 665 082 atá sa mhéid sin.

(23) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Gearmáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*